Lá Grá na Leabharlainne



Eochairfhocail: leabharlann, seilfeanna, ionad pobail, leabhair dhifriúla
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén lá speisialta a bhí á cheiliúradh ag Gaelscoil Uí Dhochartaigh an tseachtain seo?
2. Cén fáth a dtaitníonn an leabharlann nua scoile le Donnchadh?
3. Cad é an rud is fearr le Marcia faoin leabharlann nua ar scoil?
4. An ndeir Grace Uí Niallais gur áit thorannach í an leabharlann nua seo?

Anois, bí ag caint le do pháirtí ranga agus freagraígí na ceisteanna seo a leanas:

- An bhfuil leabharlann i do scoil féin?
- Má tá, déan cur síos ar an áit sin?
- An bhfuil mórán leabhar ar fáil le léamh inti?
- An dtéann tú chuig an leabharlann scoile nó chuig an leabharlann áitiúil i do cheantar go minic?
- An dtaitníonn leabharlanna leat? Cén fáth?
- An bhfuil aon rud faoi leabharlanna nach dtaitníonn leat?

Lá Grá na Leabharlainne



Eochairfhocail: leabharlann, seilfeanna, ionad pobail, leabhair dhifriúla
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

<u>Na Freagraí</u>

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Lá Grá na Leabharlainne
2. Mar tá cuid mhór seilfeanna ann le leabhair dhifriúla le léamh orthu.
3. Is féidir teacht isteach ag am sosa nó i rith am ranga agus leabhar a léamh.
4. Ní deir. Deir sí gur áit chiúin agus shéimh í.

